



CÓRAIS CHUMARSÁIDE INACMHAINNE DO GHNÓLACHTAÍ AGUS DO THOMHALTÓIRÍ

Tá teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna) agus seirbhísí rochtana sonraí agus idirlín tagtha in áit na seirbhísí teileafóin traidisiúnta agus is iad na príomhtháirgí do chustaiméirí agus do ghnólachtaí araon iad. Tá i bhfad níos mó ábhar closamhairc ar fáil ar éileamh anois agus tá nascacht idirlín 4G agus 5G ag fás go mór. Mar thoradh air sin, tá creat rialála bunaithe ag AE don teileachumarsáid faoina gcumhdaítear teileachumarsáid sheasta agus teileachumarsáid gan sreang, an t-idirlíon, an chraoltóireacht agus seirbhísí tarchurtha, lena mbaineann sraith rialacha atá i bhfeidhm ar fud Bhallstáit AE.

AN BUNÚS DLÍ

Ós rud é nach ndearnadh foráil sna Conarthaí maidir le haon chumhachtaí díreacha i réimse na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, tá an dlínse ar an réimse sin tógtha ó airteagail éagsúla in CFAE. I bhfianaise a chasta is atá earraí agus seirbhísí na meán, ar nithe iad nach féidir cur síos a dhéanamh orthu mar earraí cultúrtha amháin ná go díreach mar earraí eacnamaíocha, níor mhór beartais a chruthú bunaithe ar an dlínse sin. Féadfaidh AE bearta ábhartha a dhéanamh faoi chuimsiú beartais earnálacha agus chothrománacha, ar a nós seo a leanas: an beartas tionsclaíoch (Airteagal 173 CFAE); an beartas iomaíochta (Airteagal 101-109 CFAE); an beartas trádála (Airteagal 206 agus Airteagal 207 CFAE); agus na gréasáin thras-Eorpacha (GTEnna) (Airteagail 170-172 CFAE); taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás (Airteagail 179-190 CFAE); dlíthe a chomhfhogasú le haghaidh comhchuíbhíú teicneolaíoch, nó caighdeáin theicneolaíocha chomhchosúla a úsáid (Airteagal 114 CFAE); saorghluaiseacht earraí (Airteagal 28, Airteagal 30 agus Airteagail 34-35 CFAE); saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil (Airteagail 45-66 CFAE); an t-oidreachas, an ghairmoiliúint, an óige agus spórt (Airteagal 165 agus Airteagal 166 CFAE); agus cultúr (Airteagal 167 CFAE).

CUSPÓIRÍ

Tar éis Straitéis Liospóin, ceapadh an Clár Oibre Digiteach don Eoraip^[1] mar cheann de na seacht dtionscnamh shuaitheanta i straitéis Eoraip 2020 a ghlac an Coimisiún. Foilsíodh é i mí na Bealtaine 2010 agus é mar aidhm leis cur síos a dhéanamh ar an bpríomhról cumasaithe a bheidh ag úsáid TFCanna má tá AE le spriocanna

[1]Margadh Aonair Digiteach - <http://ec.europa.eu/digital-agenda/>



uaillmhianacha 2020 a bhaint amach. I straitéis Eoraip 2020 cuireadh béim ar an tábhacht atá le leathanbhanda a sholáthar chun modhanna cumarsáide inacmhainne a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, tá an creat rialála reatha don líonra cumarsáide leictreonaí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí bunaithe ar thrí phríomhchuspóir: iomaíocht a spreagadh, feidhmiú an mhargaidh a fheabhsú agus cearta bunúsacha úsáideoirí a chinntiú. Is é an mhórsprioc, trí iomaíocht a spreagadh, ná go mbainfeadh tomhaltóirí AE tairbhe as rogha níos leithne seirbhísí inacmhainne, ardchaighdeán agus nuálacha. Tá na rialacha simplí, solúbtha, agus neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus is é an aidhm fhadtéarmach ná dírialáil.

A BHFUIL BAINTE AMACH

Glacadh an creat rialála reatha don teileachumarsáid, ina bhfuil pacáiste Treoracha agus Rialachán, i mí Mheán Fómhair 2016 chun aird a thabhairt ar fhorbairt sciobtha na hearnála agus chun comhchuíbhiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le rialúchán iarbhír na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus maidir leis na nósanna imeachta ábhartha cur chun feidhme.

- An 14 Meán Fómhair 2016, ina theachtairacht dar teideal ‘Nascacht le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch — I dTreo Sochaí Eorpach Ghigighiotáin’, d’iarr an Coimisiún ar an bParlaimint, ar an gComhairle, ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ar Choiste na Réigiún scrúdú a dhéanamh ar a mholadh go ndéanfaí athbhreithniú ar na spriocanna agus an reachtaíocht atá ann cheana maidir leis an teileachumarsáid leictreonach.
- Tá [costas na cumarsáide leictreonaí](#) níos ísle anois^[2] ós rud é go bhfuil [deireadh curtha leis na táillí fánaíochta ar shonraí, ar ghlaonna agus ar theachtairachtaí téacs](#) nuair a bhítear ag taisteal in AE nó go hidirnáisiúnta. Ó mhí an Mheithimh 2017, tá praghsanna níos saoire ann do shaoránaigh agus do chuirteoirí araon a bhuíochas do na rialacha maidir le le ‘fánaíocht ar tháillí baile’ (‘Roam Like At Home’) agus na teophointí Wi-Fi saor in aisce a chuirtear ar fáil do shaoránaigh agus do chuirteoirí i spásanna poiblí trí WiFi4EU^[3];
- Cinntítear cosaint níos fearr do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí trí reachtaíocht a ghlacadh maidir le príobháideacht ([Treoir 2009/136/CE](#)^[4]) agus cosaint sonraí ([Treoir 95/46/CE](#)^[5]), atá neartaithe tuilleadh ag an gcreat rialála nua maidir le cosaint sonraí ([Rialachán \(AE\) 2016/679](#)^[6] agus [Treoir \(AE\) 2016/680](#)); trí shainordú na Gníomhaireachta Eorpaí um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA) a neartú^[7]; trí [Threoir \(AE\) 2016/1148](#) maidir le bearta le haghaidh

[2] [IO L 172, 30.6.2012](#), Ich. 10. Mar thoradh ar dhlí AE tá laghdú 30% le deich mbliana anuas tagtha ar na praghsanna ar sheirbhísí teileachumarsáide.

[3] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 maidir le nascacht idirlín a chur chun cinn i bpobail áitiúla ([COM\(2016\)0589](#)).

[4] IO L 337, 18.12.2009, Ich. 11.

[5] IO L 281, 23.11.1995, Ich. 31.

[6] IO L 119, 4.5.2016, Ich. 1.

[7] A bunaiodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 460/2004, IO L 77, 13.3.2004, Ich. 1; Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2013 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA), IO C 45, 5.2.2016, Ich. 102.



ardleibhéal comhchoiteann slándála do ghréasáin agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais^[8] a ghlacadh; trí cheart an duine a neartú maidir leis an oibreoir líne seasta nó móibíleach a athrú laistigh d'aon lá oibre amháin fad a choinníonn an duine an uimhir fóin a bhí aige go dtí sin, i.e. inaistritheacht uimhreach ([Treoir 2009/136/CE](#)) agus tríd an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112' ([Treoir 2009/136/CE](#)), an uimhir chabhrach do leanaí ar iarraidh '116000', an uimhir chabhrach do leanaí '116111', agus an uimhir chabhrach do thacaíocht mhothúcháinach '116123' agus ardán ar líne chun díospóidí idir custaiméirí agus trádálaithe ar líne a réiteach a bhunú^[9];

- Cinntíodh rochtain níos fearr ar theileachumarsáid trí reachtaíocht a thabhairt isteach lena spreagtar iomaíocht lena mbaineann rialacha soiléire agus cuimsitheacha, caighdeán níos fearr, praghsanna níos fearr, agus níos mó seirbhísí (an Cód Eorpach don Chumarsáid Leictreonach); trí infheistiú a dhéanamh i líonraí leathanbhanda a thacaíonn le hIdirlíon ardluais; trí thacú le teicneolaíochtaí gan sreang, amhail 3G agus LTE, tríd an gclár beartais um an speictream raidió, agus [trí chomhchuíbhíú a dhéanamh ar úsáid bhanda minicíochta 470-790 MHz san Aontas](#) chun nascacht ghigighiotáin a bhunú do na príomhspreagthóirí socheacnamaíocha ar fad^[10].

Chun comhsheasmhacht na nósanna imeachta rialála náisiúnta don teileachumarsáid a fheabhsú, déanann Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) ([Rialachán \(AE\) 2018/1971](#)^[11]) foráil maidir le comhar idir na rialálaithe náisiúnta agus an Coimisiún. Chuige sin, cuireann sé dea-chleachtais agus cur chuige coiteann chun cinn, agus san am céanna cuireann sé cosc ar rialúchán neamhréireach a d'fhéadfadh an iomaíocht sa mhargadh aonair i réimse na teileachumarsáide a shaobhadh. Sa reachtaíocht sin atá tugtha cothrom le dáta cuirtear de chúram ar na húdaráis rialála náisiúnta iomaíocht a chur chun cinn i soláthar na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, chomh maith leis na prionsabail lena gcuirtear taca faoina gcuid oibríochta a leagan amach: neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus trédhearcacht, agus an ceart achomhairc. Ó thaobh an bhainistithe speictrim de, leagtar amach sa chlár beartais ilbhliantúil um an speictream raidió na treonna beartais agus na cuspóirí do phleanáil straitéiseach agus comhchuíbhíú an speictrim raidió. Cinntíonn sé sin dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sna réimsí beartais de chuid AE lena mbaineann úsáid speictrim, amhail an chumarsáid leictreonach, taighde, forbairt theicneolaíoch agus an spás, iompar, fuinneamh, agus beartais chlosamhairc.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá an Pharlaimint ar son beartas láidir forbartha TFC agus bhí sí an-ghníomhach i nglacadh gníomhartha reachtacha sa réimse chun leasa tomhaltóirí agus gnólachtaí. Dá bhrí sin, d'éirigh leis an bParlaimint i gcónaí an bhéim a choinneáil ar

[8] IO L 194, 19.7.2016, Ich. 1.

[9] Is féidir teacht ar an ardán ag: <http://ec.europa.eu/consumers/odr/> agus tá eolas breise le fáil ag: https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/consumers/resolve-your-consumer-complaint_ga

[10] IO L 138, 25.5.2017, Ich. 131.

[11] IO L 321, 17.12.2018, Ich. 1.



shaincheisteanna TFC, trí thuarascálacha ar a tionscnamh féin, trí cheisteanna ó bhéal agus i scríbhinn, trí staidéir^[12], trí cheardlanna^[13], trí thuairimí agus trí rúin. Tacaíonn an Pharlaimint freisin leis na héilimh ar chomhordú níos fearr na n-iarrachtaí náisiúnta ar mhaithe le forbairt na seirbhísí pan-Eorpacha agus le tacaíocht AE don teileachumarsáid.

Tá an Pharlaimint tar éis aird a tharraing ar an ngá atá le speictream 'na díbhinne digití' chun gur féidir leathanbhanda a chur ar fáil do shaoránaigh uile AE, agus tá béim leagtha ag an bParlaimint air go bhfuil gá le tuilleadh beart chun rochtain sheasta ardluais ar leathanbhanda a chinntiú, mar aon le heolas [digiteach agus inniúlachtaí digiteacha do gach custaiméir agus tomhaltóir](#)^[14]. Ar an gcaoi chéanna, leagann an Pharlaimint béim ar thábhacht na [slándála sa chibearspás](#)^[15] chun príobháideacht agus saoirsí sibhialta custaiméirí agus gnólachtaí sa timpeallacht dhigiteach a chosaint go láidir. San am céanna, cuireann an Pharlaimint neodracht ó thaobh na teicneolaíochta de, 'neodracht líonra' agus 'saoirsí líonra' do shaoránaigh AE chun cinn go láidir, mar aon le bearta maidir le rochtain ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir trí líonraí teileachumarsáide nó a n-úsáid, ar bhonn urramú chearta agus shaoirsí bunúsacha na saoránach; Ba cheart go n-áiritheofaí leis na bearta sin freisin nach ndéanfaidh [soláthraithe seirbhísí idirlín díghrádú ar chumas na n-úsáideoirí rochtain a fháil ar ábhar agus ar fheidhmchláir agus/nó seirbhísí dá gcuid féin a rith](#)^[16].

Tá an Pharlaimint ag daingniú na ngealltanais sin tríd an reachtaíocht. Tá ról lárnach aici ó thaobh constaicí atá laistigh den Mhargadh Aonair Digiteach a bhaint agus ó thaobh nuachóirí a dhéanamh ar rialacha teileachumarsáide AE a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí agus seirbhísí digiteacha agus sonraibhunnaithe an lae inniu [chun an tairbhe dhigiteach a mhéadú do chustaiméirí agus do ghnólachtaí](#). Dá bhrí sin, tá feabhas curtha ag an bParlaimint ar rochtain agus aistriú sonraí do chách trí chaighdeán neodrachta líonra a shocrú, trí chomhchuíbhiú a dhéanamh ar úsáid bhanda minicíochta 470-790 Mhz, trí thacú le naisc Wi-Fi atá saor in aisce do chách i mbailte agus i sráidbhailte (Wifi4EU), trí infheistíocht a dhéanamh i néalseirbhísí ardfheidhmíochta ríomhaireachta agus eolaíochta (an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte) agus trí dheireadh a chur le táillí fánaíochta, mar shampla trí na rialacha maidir le ['fánaíocht ar tháillí baile'](#) ('Roam Like At Home')^[17]. Tá obair thábhachtach reachtach tionscanta agus tugtha i gcrích ag an bParlaimint chun borradh a chur faoin ríomhthráchtáil do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí in AE, go háirithe do FBManna. Mar shampla, [Treoir 2014/61/AE](#) maidir le bearta chun laghdú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a chur in úsáid^[18] agus [Rialachán \(AE\) Uimh. 910/2014](#) maidir le sainaitheint leictreonach agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh idirbhearta leictreonacha sa mhargadh inmheánach^[19] chun cabhrú le gnólachtaí leictreonacha^[20]. Mar thoradh ar mholtaí an Choimisiúin, tá

[12]Meitheal Mhachnaimh PE: <http://www.europarl.europa.eu/aboutparliament/ga/0083c7a4db/Think-Tank.html#studies>

[13]Éisteachtaí: <http://www.europarl.europa.eu/committees/ga/events.html?id=workshops#documents>

[14]IO C 81 E, 15.3.2011, lch. 45.

[15]IO C 332 E, 15.11.2013, lch. 22.

[16]IO C 153 E, 31.5.2013, lch. 128.

[17]IO L 310, 26.11.2015, lch. 1.

[18]IO L 155, 23.5.2014, lch. 1.

[19]IO L 257, 28.8.2014, lch. 73.

[20][COM\(2017\)0228](#) - níl sé i bhfeidhm níos mó



tacaíocht tugtha ag an bParlaimint do nuachóiriú na gceart cóipchirt agus do nuashonrú rialacha AE maidir le seirbhísí na meán closamhairc.

Thairis sin, d'éirigh leis an bParlaimint an obair reachtach ar athchóiriú cosanta sonraí a thabhairt i gcrích. An 27 Aibreán 2016, glacadh [Treoir \(AE\) 2016/680](#)^[21] chun cur i bhfeidhm éifeachtach a chinntiú i leith cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta mar cheart bunúsach. Lena chois sin, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle [Rialachán \(AE\) 2016/679](#)^[22] maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Le déanaí, vótáil Coiste na Parlaiminte um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) i bhfabhar na rialacha maidir le meas ar an saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach chun gnó a éascú^[23]. Tá an-chuid obair reachtach ar bun ag an bParlaimint ar na tograí a tíolacadh mar obair leantach ar Straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh agus ar an [rún 'I dTreo Gníomh um Margadh Aonair Digiteach'](#)^[24]. Baineann na tograí sin le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail geobhlocáil gan údar^[25], seirbhísí beartseachadta trasteorann^[26], inaistritheacht trasteorann na seirbhísí ábhair ar líne^[27], athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Comhar i gCosaint na dTomhaltóirí^[28], seirbhísí na meán closamhairc^[29], saorghluaiseacht sonraí neamhphearsanta^[30], conarthaí i ndáil le díolacháin earraí ar líne agus ciandíolacháin eile earraí^[31], agus conarthaí i ndáil le hábhar digiteach a sholáthar^[32]. Ghlac an Pharlaimint rún le déanaí maidir le nascacht idirlín ar mhaithe le fás, iomaíochas agus comhtháthú: [Sochaí ghigighiotáin Eorpach agus 5G](#)^[33] lena gcuirtear chun cinn an t-amchlár do sholáthar 5G chun nascacht a éascú do chustaiméirí agus do ghnólachtaí.

Mariusz Maciejewski / Frédéric Gouardères
05/2019

[21]IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

[22]IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

[23][COM\(2017\)0010](#).

[24]IO C 11, 12.1.2018, lch. 55.

[25][COM\(2016\)0289](#).

[26][COM\(2016\)0285](#).

[27]COM (2015)0627.

[28][COM\(2016\)0283](#).

[29]COM(2016)0287.

[30][COM\(2017\)0495](#).

[31]COM(2015)0635.

[32]COM(2015)0634.

[33]IO C 307, 30.8.2018, lch. 144.

